**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 20

# Garda Síochána

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 maidir le tuarastail agus speansais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, srl; maidir le speansais áirithe finnéithe a íoc, agus maidir le deontas i gcabhair a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse a n-ionchas saoil ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí dímheasa caighdeánacha i bhfeidhm i dtaca le trealamh oifige agus TE, agus i dtaca le troscán agus feisteas. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le hábhar i gcás sócmhainní caipitil eile.

- Aerárthach: 5% in aghaidh na bliana
- Báid: 10% in aghaidh na bliana
- Feithiclí: 25% in aghaidh na bliana

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Garda faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le Cuntas Leithghabhála Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag An Garda Síochána.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Coimisinéir an Garda Síochána. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh don Garda Síochána
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cloíonn An Garda Síochána le gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar taobh amuigh de 50 conradh ar luach €5,320,811. Cuireadh na conarthaí seo san áireamh sa tuairisceán Ciorcláin 40/02. Cuireadh síneadh ama le 11 chonradh ar luach €1,567,467 thar an mbundáta conartha gan soláthar iomaíoch agus faofa riachtanach le dul ar aghaidh le tairiscintí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh 18 gconradh ar luach €2,691,936 i dtaca le seirbhísí leighis de réir rátaí faofa na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do sheirbhísí proifisiúnta. Sna 21 chás eile bhí socruithe tairisceana áitiúla i bhfeidhm i gcodarsnacht le treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe ar conradh curtha i bhfeidhm cheana féin ag An nGarda Síochána do roinnt de na soláthair seo agus tá siad ag déanamh beart onnghníomhach le tairiscintí a chur i bhfeidhm do 2013 don chuid eile.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Garda Síochána le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Garda Síochána i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Martin Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 20 Garda Síochána

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Garda Síochána agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Garda Síochána. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Bainistiú an Chórais Fhógra Mhuirir Sheasta***

Tagraíonn Caibidilí 7 agus 8 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 do cheisteanna áirithe a bhaineann le bainistiú agus le rialú chóras pionóis na muirear seasta.

***Bainistiú Buiséid agus Cuntasaíocht Vóta***

Pléann Caibidlí 4 agus 5 de mo thuairisc le cuntasaíocht vóta agus le ceisteanna bainistithe vóta. Áirítear orthu seo ailt i dtaca le Vóta 20, an Garda Síochána.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2012

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7 Meán Fómhair 2013

# Vóta 20 Garda Síochána
## Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu. | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,445,277 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 22,406 | 1,467,683 | 1,465,889 | 1,570,963 |
| | **Olliomlán** | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,445,277 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 22,406 | **1,467,683** | **1,465,889** | **1,570,963** |
| | *Bain de* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 119,735 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 13,906 | | | |
| | | | **133,641** | **133,386** | **133,716** |
| | **Glaniomlán** | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,325,542 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 8,500 | | | |
| | | | **1,334,042** | **1,332,503** | **1,437,247** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,539,447 | 2,376,031 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | 2012 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 959,643 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (3,210) | | 956,433 | 955,189 | 1,036,917 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 16,483 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (2,517) | | 13,966 | 14,013 | 20,558 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 17,445 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (5,076) | | 12,369 | 12,268 | 18,986 |
| iv | Seirbhísí poist agus teilechumarsáide | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 34,747 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 8,088 | | 42,835 | 43,165 | 44,852 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 19,212 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (175) | | 19,037 | 19,373 | 24,563 |
| vi | Cothabháil áitreabh an Gharda | | | 6,521 | 7,141 | 9,534 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 218 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (63) | | 155 | 157 | 52 |
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 16,996 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,854 | | 18,850 | 18,520 | 20,102 |
| ix | Feidhmiú TBS an Gharda | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 43 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 135 | | 178 | 150 | 145 |
| x | Cúltaca an Gharda | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 760 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 140 | | 900 | 884 | 780 |
| | | | | 1,071,244 | 1,070,860 | 1,176,489 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráite as faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 395,029 | 394,474 |
| Pá | | 955,189 | 1,036,917 |
| Caiteachas eile | | 115,671 | 139,572 |
| **Olliomlán** | | **1,465,889** | **1,570,963** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **133,386** | **133,716** |
| **Glaniomlán** | | **1,332,503** | **1,437,247** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (4,940) | | |
| Dímheas | 15,923 | | |
| Fáltais ó dhiúscairtí | 77 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | (4) | 11,056 | 9,613 |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | 1,636 | | |
| Laghdú ar stoc | 870 | | |
| | | 2,506 | 6,345 |
| **Caiteachas díreach** | | 1,346,065 | 1,453,205 |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 14,760 | 13,778 |
| **Costas glan clár** | | **1,360,825** | **1,466,983** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 20 atá seasta in áit éigin eile.

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 541 | 670 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 10,415 | 10,514 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 4,934 | 5,286 |
| Lúide | | |
| Seirbhísí á soláthar ag An nGarda Síochána do Vótaí eile | (1,130) | (2,692) |
| | 14,760 | 13,778 |

Cuireadh iompar an Gharda ar fáil do phearsanra na Seirbhíse Príosún chun príosúnaigh a iompar chun na cúirte, srl saor in aisce.

Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.

Bhain pearsanra an Gharda úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2012 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 33,098 | 44,079 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | 4,570 | 4,570 |
| | | **37,668** | **48,649** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 6,499 | 6,879 |
| Stoic | 2.6 | 4,661 | 5,531 |
| Réamhíocaíochtaí | | 4,412 | 7,213 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,695 | 1,372 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 16,063 | 28,525 |
| Dliteanas glan ó Státchóras | 2.9 | 461 | (376) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **33,791** | **49,144** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,603 | 8,370 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 23,023 | 35,028 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **30,626** | **43,398** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **3,165** | **5,746** |
| **Glansócmhainní** | | **40,833** | **54,395** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **40,833** | **54,395** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 54,395 | 70,353 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 1,347,263 | 1,451,025 |
| Costas glan clár | 1 | (1,360,825) | (1,466,983) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **40,833** | **54,395** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 1,334,042 | 1,439,623 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,539) | (2,376) |
| | | 1,332,503 | 1,437,247 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 14,760 | 13,778 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | 1,347,263 | 1,451,025 |

## 2.3 Sócmhainní caipitil

| | Aerárthach | Bád mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus fearais | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollioncam** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 17,072 | 1,060 | 62,609 | 152,577 | 5,613 | 238,931 |
| Breiseanna | — | — | 3,544 | 1,371 | 101 | 5,016 |
| Diúscairtí | — | — | (8,097) | (2,318) | (446) | (10,861) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 17,072 | 1,060 | 58,056 | 151,630 | 5,268 | 233,086 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2012 | 8,424 | 661 | 57,857 | 125,328 | 2,582 | 194,852 |
| Dímheas don bhliain | 826 | 72 | 2,392 | 12,174 | 459 | 15,923 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (8,029) | (2,312) | (446) | (10,787) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2012 | 9,250 | 733 | 52,220 | 135,190 | 2,595 | 199,988 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2012** | **7,822** | **327** | **5,836** | **16,440** | **2,673** | **33,098** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2011** | **8,648** | **399** | **4,752** | **27,249** | **3,031** | **44,079** |

## 2.4 Scócmhainní caipitil á bhfobairt

| ag 31 Nollaig 2012 | Schengen Project | MIMS Project | Total |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2012 | 2,676 | 1,894 | 4,570 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | — | — | — |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2012 | 2,676 | 1,894 | 4,570 |

Curtha san áireamh i gceangaltais chaipitil ilbhliantúla 2011 a bhí dhá mhórthionscadal, Córas Eolais Schengen agus Córas Bainistíochta Mórimscrúdaithe (CBMI).

Faoi láthair níl aon chonradh sínithe i bhfeidhm do Chóras Eolais Schengen. Tá idirbhearta conartha ag tarlú idir an soláthróir roghnaithe agus an Garda Síochána. Tá costas measta de €23.9 milliún ag baint leis an tionscadal ach ní eascraíonn aon tiomantas go dtí go ndéantar socrú dul ar aghaidh leis an tionscadal.

Tá costas measta de €28.7 million ag tionscadal CBMI agus foinsíodh soláthróir roghnaithe tar éis comórtais tairisceana. Tá céimeanna eile an tionscadail seo faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.

| **2.5 Banc agus Airgead Tirim** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 9,411 | 24,710 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (2,912) | (17,831) |
| | 6,499 | 6,879 |

| **2.6 Stoic** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 391 | 465 |
| Stoc theileachumarsáide | 1,210 | 1,636 |
| Éide | 1,436 | 1,487 |
| Biúró Teicniúil | 186 | 153 |
| Stoc na Naisiún Aontaithe | 72 | 53 |
| Armlann | 978 | 1,338 |
| Ilghnéitheach | 388 | 399 |
| | 4,661 | 5,531 |

| **2.7 Iarmhéideanna eile dochair** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain chuig OPW | 640 | 216 |
| Óinchistí | 784 | 3,880 |
| Tuarastail Aisghabhála | 13,747 | 23,393 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 539 | 786 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 353 | 250 |
| | 16,063 | 28,525 |

| **2.8 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 13,742 | 19,341 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 5,408 | 7,413 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 263 | 696 |
| Cáin Bhreisluacha | 249 | 638 |
| Píonóis an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 920 | 420 |
| Cáin ar athchistithe de ranníocaíochtaí pinsin | 2 | 13 |
| Cáin Tógála | 11 | — |
| | 20,595 | 28,521 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 1,756 | 5,145 |
| Ciste luaíochta An Gharda Síochána | 297 | 283 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 375 | 1,079 |
| | 23,023 | 35,028 |

## 2.9 Dliteanas glan ó Státchóras

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,539 | 2,376 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,000) | (2,000) |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (461) | 376 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,499 | 6,879 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 16,063 | 28,525 |
| | 22,562 | 35,404 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (20,595) | (28,521) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (2,428) | (6,507) |
| | (23,023) | (35,028) |
| | (461) | (376) |

## 2.10 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iomlán na dtiomantas infhorghníomhaithe | 52,943 | 68,700 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **A** | **Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu.** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 959,643 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (3,210) | 956,433 | | 955,189 | 1,036,917 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 112,425 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 2,386 | 114,811 | | 115,671 | 139,572 |
| A.3 | Éadach agus oiriúintí | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 2,764 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (114) | 2,650 | | 2,499 | 3,896 |
| A.4 | Cumann Lia-chúnamh Naomh Pól an Gharda (deontas i gcabhair) | | 124 | | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 20,701 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 5,953 | 26,654 | | 27,018 | 26,146 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 17,772 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 10,194 | 27,966 | | 28,184 | 32,473 |
| A.7 | Aerárthach | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,050 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 200 | 1,250 | | 1,320 | 1,805 |
| A.8 | Aoisliúntas, srl. | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 311,173 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 8,500 | 319,673 | | 317,825 | 307,119 |
| A.9 | Costais fhinnéithe | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,805 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (305) | 1,500 | | 1,472 | 1,838 |
| A.10 | Cúiteamh | | 16,622 | | 16,587 | 20,103 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,198 | | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (1,198) | — | | — | 700 |
| | | | 1,467,683 | | 1,465,889 | 1,570,963 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1,794,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Miniú |
|---|---|---|
| Éadach agus oiriúintí | 151 | D’eascair an coigilteas mar gheall ar laghdú in eisiúint stoic éide tar éis ciorclán a chur chuig gach ball den Gharda Síochána le riachtanais éide a aithint. Cuireadh seo in áit an chleachtais a bhí ann roimhe d’fheidhmiú céimneach ginearálta éide. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Ranníocaíochtaí do scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 13,745 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 169 | 13,914 | 14,305 | 15,005 |
| 2. Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 22,103 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,031 | 23,134 | 23,256 | 23,599 |
| 3. Fáltais Ilghnéitheacha (nóta 4.2) | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 13,450 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 550 | 14,000 | 13,987 | 10,823 |
| 4. Fáltais ó bhainc i leith seirbhísi tionlacain airgid | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 4,300 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (1,400) | 2,900 | 2,220 | 3,836 |
| 5. Táillí na nArm Tine | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,607 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 393 | 2,000 | 1,926 | 2,706 |
| 6. Ceamaraí sábháilteachta -admhálacha áirithe ó mhuirear seasta | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 100 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 15,800 | 15,900 | 15,805 | 10,624 |
| 7. Fáltais ó asbhaint um phinsean as luach saothair Seirbhíse Poiblí. | | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 64,430 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (2,637) | 61,793 | 61,887 | 67,123 |
| | | | 133,641 | 133,386 | 133,716 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteideal i gcás go raibh an toradh éagsúil leis an tsuim a réamh-mheasadh de níos mó ná €100,000, agus le breis is 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó bhainc i leith seirbhísi tionlacain airgid | 680 | D'eascair an t-easnamh mar gheall ar mhoill a bheith ann i dtaca le fáil íocaíochta ó Chónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann do choimhdeachtaí airgid thirim a soláthraíodh ag an nGarda Síochána. |

**4.2 Anailís Fháltas Ilghnéitheach**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgas neamh-phoiblí soláthraithe ag Gardaí | 4,125 | 4,068 |
| Athghabháil maidir le damáiste d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda | 48 | 308 |
| Fáltais ó fheithiclí úsáidte, seanstórais, maoin forghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 2,428 | 852 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus thimpistí | 731 | 521 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 52 | 62 |
| Costais fhinnéithe a athghabháil | 12 | 16 |
| Tuarastail a athghabháil | 37 | — |
| Céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais do phréimheanna árachais a bhailiú | 112 | 109 |
| Taillí ceadúnais tascaí | 183 | 197 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - táillí Alt 41 | 2,441 | 2,364 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 41 | 25 |
| Crainn an Gharda | 1,535 | 555 |
| Dliteanas iompróra | 573 | 485 |
| Míreanna neamhrangaithe | 1,669 | 1,261 |
| | 13,987 | 10,823 |

**4.3 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Píonóis faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 7,200 | 6,188 | 11,250 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | | |
| Baill an Gharda | 13,424 | 13,894 |
| Sibhialtaigh | 2,028 | 2,074 |
| | 15,452 | 15,968 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 647,771 | 679,453 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 484 | 363 |
| Liúntais eile | 202,663 | 213,828 |
| Ragobair | 42,422 | 80,937 |
| ÁSPC an Fhostóra | 61,849 | 62,336 |
| **Pá iomlán** | **955,189** | **1,036,917** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair uasta | Uasíocaíocht aonair uasta |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2012** | **2011** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 229 | 7 | 15,412 | 10,452 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 13,205 | 831 | 41,641 | 49,372 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 13,894 | 6,389 | 20,964 | 39,439 |
| Ilghnéitheach | 14,029 | 694 | 35,978 | 36,304 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Íocadh méid iomlán de €1,040 do státseirbhíseach amháin ar scor a fhaigheann pinsean ón státseirbhís, a rinneadh é a athfhostú ar bhord agallaimh le linn 2012.

**5.3 Ciste Iuaíochta An Gharda Síochána**

Is é cuspóir an chiste ná íoc as duaiseanna ar mhaithe le crógacht Ghardaí agus as ranníocaíocht bhliantúil do sheirbhísí séiplíneachta Garda ó airgead a fuarthas i dtaca le fíneálacha disciplíneacha Garda.

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána is dual don Chiste sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir | 331 | 336 |
| Fáltais don bhliain dar críoch 31 Nollaig | 67 | 68 |
| | 398 | 404 |
| Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig | (53) | (73) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 345 | 331 |

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do na Cumainn Ionadaíochta

Curtha san áireamh i bhfotheideal A.1 atá suim iomlán de €319,835 i dtaca le luach saothair do bhaill an Gharda Shíochána ar saoire speisialta le pá do chomhlachais ionadaíocha foirne agus atá sannta d’eagraíochtaí leasa.

Íocadh deontais de €58,000 an ceann do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus do Chumann na nArd-Cheannfort.

Gearradh suimeanna de €46,584 agus €139,266 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa shóisialaigh leas astu.

### 6.2 Maoiniú ón AE

San iomlán fuarthas €660,956 go díreach ag an nGarda Síochána i maoiniú AE faoi Theideal VI de chonradh an Aontais Eorpaigh do roinnt clár póilíneachta. Baineann suim de €485,180 le clár céime máistreachta á reáchtáil ag Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise faoi Imscrúdú cibearchoireachta, clár atá maoinithe 90% ag an AE. Baineann an €175,776 eile le tionscadal a thugann le chéile líonra neamhfhoirmeálta cleachtóirí Chur i bhFeidhm an Dlí agus Breithiúnacha le straitéisí malartacha a fhorbairt ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le fáltais na gníomhaíochta coiriúla.

### 6.3 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí Garda, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 639 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána i 2012 (2011 – 667). Ba ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €297,467. Aisghabhadh cúiteamh iomlán de €47,643.

**6.4 Cúiteamh agus Costais Dlíthiúla**

Cuimsíonn an cuntas caiteachas i dtaca le costais dhlíthiúla agus duaiseanna cúitimh a fuarthas ag baill agus ag fostaithe de chuid An Gharda Síochána agus ag baill den phobal.

| | | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a dhámh** | **Costais dlíthiúla bronnadh** | **Costais Eile bronnadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag baill agus ag fostaithe de chuid An Gharda Síochána** | | | | | | |
| Éilimh ag baill faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) 1941-1945 | 158 | 7,162 | 2,262 | — | 9,424 | 9,456 |
| Éilimh ag baill de chuid an Gharda trí mheán na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le haghaidh díobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas | 40[1] | 335 | 208 | 22 | 565 | 585 |
| Caingean dlí a rinneadh ag baill den Gharda agus é á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais | 9 | 112 | 136 | — | 248 | 585 |
| Ranníocaíochtaí ex gratia i leith chostais dhlíthiúla an Gharda faoi Alt 49 den Acht Garda Síochána, 2005 | 1 | — | 1 | — | 1 | 26 |
| **Éilimh shibhialta ag baill den phobal** | | | | | | |
| Éilimh ag eascairt ó ghníomhartha déanta ag Gardaí agus iad ag cur a gcuid dualgas i bhfeidhm | 186[1] | 1,296 | 2,652 | 24 | 3,972 | 6,206 |
| Éilimh (ó bhaill an Gharda san áireamh) a d'eascair as timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach | 190[1] | 1,519 | 366 | 113 | 1,998 | 2,657 |
| Éilimh i dtaca le timpistí ar áitribh Gharda | 14[1] | 140 | 84 | 6 | 230 | 120 |

Ag 31 Nollaig 2012

- bhí 1,119 éileamh gan íoc faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh).
- bhí 263 éileamh sibhialta gan íoc a bhain le timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach.
- 1,146 éileamh sibhialta gan íoc, gan cinn ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach a chur san áireamh.

[1] Is féidir go mbeidh mar chuid díobh seo páirtíocaíochtaí thar thréimhse de bhlianta do chásanna aonair.

Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora, táillí leighis, srl.